



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

ARDLEIBHÉAL

PÁIPÉAR I (170 marc)

CEIST 1	- CEAPADÓIREACHT -	100 marc
---------	--------------------	----------

$$\begin{array}{l} \text{(a) Ionramháil Ábhair = 20 marc} \\ \left\{ \begin{array}{l} \text{(b) Cumas Gaeilge = 80 marc} \end{array} \right. \\ 20 + 80 = 100 \end{array}$$

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas **Stór Gaeilge** an iarrthóra, móide (ii) beachtas maidir le **máistreacht cruinnúsáide** ar na príomhghhnéithe de cheart na Gaeilge.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 20 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

AN CHEAPADÓIREACHT

Gnéis a bhaineann leis an marcáil

Cé go bhfuil dhá roinn (i.e. cumas Gaeilge agus ionramháil ábhair) ag baint leis an gcóras marcála atá ag gabháil leis an gCeapadóireacht, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

Cumas Gaeilge (80marc) = (1) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra móide
(2) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghhnéithe de cheart na Gaeilge.

[Príomhghhnéithe na Gaeilge = gramadach*, comhréir*, struchtúr, deilbhíocht]

*Agus na mórbhotúin á “marcáil” le peann dearg níor mhór go mbeifí in ann an difríocht a athint idir botúin mhóra chomhréire agus mionbhotúin għramadaí.

Aicme	Grád/Grád Raon	(1) Stór Gaeilge + (2) Beachtas/Cruinnúsáid
-------	----------------	--

A

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. an-mhaith ar fad-sármhaith	A ard A meánach	76-80 marc 72-75 marc
(2) Cruinneas an-mhaith ar fad-sármhaith (den chuid is mó)	A íseal	68-71 marc

B

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. an-mhaith	B ard B meánach	64-67 marc 60-63 marc
(2) Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó)	B íseal	56-59 marc

C

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. maith	C ard C meánach	52-55 marc 48-51 marc
(2) Cruinneas maith (den chuid is mó)	C íseal	44-47 marc

D

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. measártha	D ard D meánach	40-42 marc 36-39 marc
(2) Cruinneas measártha (den chuid is mó)	D íseal	32-35 marc

E

(1) Stór Gaeilge- F. agus S. lag	E ard E meánach	28-31 marc 24-27 marc
(2) Cruinneas lag (den chuid is mó)	E íseal	20-23 marc

F agus N/G

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. an-lag	F ard F meanach	16-19 marc 12-15 marc
(2) Cruinneas an-lag	F íseal N/G ard N/G íseal	8-11 marc 4-7 marc 0-3 marc

Ionramháil Ábhair = (20 marc)

Ba cheart an roinn seo a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge.

Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónai ídir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair lag ní féidir na smaointe a chur i láthair go héifeachtach. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhactaí agus an cheapadóireacht á grádú.

Aicme	Grád	Marc
Ionramháil an-mhaith ar fad → sármhaith	A	17, 18, 19, 20 marc
Ionramháil an-mhaith	B	14, 15, 16 marc
Ionramháil mhaith	C	11, 12, 13 marc
Ionramháil mheasártha	D	8, 9, 10 marc
Ionramháil lag	E	5, 6, 7 marc
Ionramháil an-lag	F/NG	0, 1, 2, 3, 4 marc

CEIST 2

- LÉAMHTHUISCINT -

70 marc

Treoracha do mharcáil na léamhthuisceana

- Tá dhá rud i gceist i marcáil na bhfreagraí léamhthuisceana:
Eolas + Ionramháil
- Eolas + Ionramháil: $2 + 1 = 2$ marc ar eolas cruinn + 1 marc ar ionramháil nó $2 + 0 = 2$ marc ar eolas cruinn + 0 ar ionramháil toisc go raibh an freagra ceart ach é tógha díreach ón léamhthuiscint.
- Is ionann “ionramháil” agus ceann de mhórfhocail an fhreagra a chur nó a mhíniú i bhfoca(i)l eile. Ní leor ord na bhfocal a chasadh timpeall chun an marc a ghnóthú ar ionramháil sa fhreagra ná ní leor “sé/sí/siad” a chur in ionad ainmfhocail.
- Ní mór mionbhriseadh marcanna a thaispeáint sa script agus tú ag marcáil na bhfreagraí.
- Má lorgaítear **dhá phointe eolais** nó **dhá thréith** nó **dhá rud**, cuir P1 nó T1 nó R1 in aice leis an gcéad cheann cruinn sa fhreagra agus P2 nó T2 nó R2 in aice leis an dara ceann sa fhreagra.

- Má bhíonn dhá phointe eolais ag teastáil i bhfreagra, seo a leanas mar a léirítear na marcanna:

4 marc ar an bhfreagra: 2 marc + 1 marc + 1 marc
P1 + P2 + Ionramháil
 - 2 phointe eolais: ní lorgaítear ionramháil ach ar phointe eolais amháin. Má dhéantar ionramháil ar phointe eolais amháin bronn an marc ar an ionramháil.
 - De réir mar a léann tú na freagraí, caithfidh tú na mórbhotúin sa Ghaeilge a shoileáriú trí líne dhearg a tharraingt faoin míchruinneas. Nuair a bheidh na freagraí ar fad ar Léamhthuiscint 2A ceartaithe agat, déanfaidh tú breithiúnas ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. Mar an gcás na bhfreagraí i Léamhthuiscint 2B,

A (35 mbarc)

- (i) (a) Fáth a raibh fonn ar an údar sos fada machnaimh a thógail. = 3 marc;
(b) **Dhá** phíosa eolais faoin tsiúlóid a rinne an t-údar. = 4 marc

(ii) (a) An mhíorúilt a thug a comhartha aitheantaí don oilithreacht.
= 3 marc
(b) **Dhá** phíosa eolais gur áit naofa é Finisterre sa tréimhse réamhstairiúil.
= 4 marc

(iii) (a) Mar a théann an choisíocht i bhfeidhm ar aigne an údair. = 3 marc
(b) Ábhar machnaimh a fuair an t-údar ar an *camino*. (**Dhá** phointe)
= 4 marc

(iv) (a) **An** fáth ar iompair an t-údar an mála droma ‘le foighne agus
le buíochas’ = 3 marc
(b) **Dhá** shampla den taobh mídheas den nádúr daonna a thug an t-údar
faoi deara ar an *camino* = 4 marc

(v) (a) Ceangal **amháin** atá ag ceantar an *camino* le hÉirinn. = 3 marc
(b) An tairbhe a bhain an t-údar as an *camino*. (**Dhá** phointe) = 4 marc

$$3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 = 35 \text{ marc}$$

[Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den ionlán a gnóthaíodh.]

Léamhthuiscant 2A

Sna freagraí a thugtar thíos, léiríonn an téacs sa chló rómhánach freagraí inghlactha a tógadh díreach ón sliocht ar an scrúdpháipéar gan an t-iarrthóir na focail a ionramháil ar bhealach pearsanta, agus léiríonn an téacs sa chló iodálach sampla den ionramháil a d'fhéadfai a dhéanamh leis an marc ar an ionramháil a ghnóthú.

1(a) Cén fáth a raibh fonn ar an údar sos fada machnaimh a thógáil? (Alt 1)
(3 marc) (2 + 1)

- (i) “tar éis dom post cruógach an mhúinteora a chur díom” (“in aois mo thrí scór bliain”)
 - (ii) bhí fonn ar an údar sos fada machnaimh a thógáil “sula dtabharfainn faoin saol nua a bhí romham”.
 - (iii) “bhí crosbhóthar sroichte agam i mo shaol”.
 - (iv) “bhí rogha géibheannach le déanamh agam faoin mbealach a ghabhfainn”.
-
- (i) *D'éirigh sé as an múinteoireacht. (agus é seasca bliain d'aois)*
 - (ii) *Bhí sos uaidh sula dtosódh sé ar an gcéad chéim eile ina shaol .*
 - (iii) *Bhí crosbhóthar bainte amach aige ina shaol.*
 - (iv) *Bhí sos ag teastáil uaidh chun plean a dhéanamh don chéad chéim eile ina shaol.*

1(b) Tabhair dhá phíosa eolais faoin tsiúlóid a rinne an t-údar. (Alt 1)
(4 mharc) (2 + 1 + 1)

- (i) “Ba é mian mo chroí le fada” an tsiúlóid a dhéanamh.
 - (ii) Siúlóid ar “chosán na n-oilithreach meánaoiseach” ba ea í.
 - (iii) Siúlóid “ go Santiago de Compostela” a bhí i gceist.
 - (iv) “Siúlóid ó Saint-Jean-Pied-de-Port sa Fhrainc” a bhí i gceist.
 - (v) “Siúlóid go Finisterre ar chósta thiar na Spáinne” ba ea í.
 - (vi) “Aistear naoi gcéad ciliméadar” a bhí sa tsiúlóid.
 - (vii) “Bheartaigh mé an sos machnaimh agus an oilithreacht go Compostela a nascadh le chéile san aon turas amháin.”
 - (viii) “Ar an gcéad lá de Mheán Fómhair, 2004, bhuaile mé bóthar”.
 - (ix) “Ar feadh aon lá déag agus scór” a mhair an tsiúlóid.
 - (x) “Shiúil mé sé chiliméadar is fiche in aghaidh an lae” (ar an meán).
 - (xi) “Shiúil mé ar an camino”.
 - (xii) “Bhain mé cathair Santiago de Compostela amach, agus Finisterre ina dhiaidh sin.”
-
- (i) *Bhí fonn air le fada an tsiúlóid áirithe sin a dhéanamh.*
 - (ii) *Lean sé an bealach a shiúil na hoilithrigh sa sean-am.*
 - (iii) *Ba é Santiago de Compostela a cheann scriibe.*
 - (iv) *Thosaigh sé i Saint-Jean-de-Port sa Fhrainc*
 - (v) *Chríochnaigh sé i bhFinisterre sa Spáinn.*
 - (vi) *Turas naoi gcéad ciliméadar a bhí ann.*

- (vii) *Shocraigh sé an sos machnaimh agus an oilithreacht a cheangal le chéile saturas go Compostela.*
- (viii) *Ar an gcéad lá de Mheán Fómhair 2004 a thosaigh sé an tsiúlóid.*
- (ix) *31 lá a thóg an oilithreacht.*
- (x) *Shiúil sé (timpeall) sé chiliméadar is fiche gach lá.*
- (xi) *An camino a thugtar ar an mbealach a shiúil sé.*
- (xii) *Shroich sé Santiago de Compostela ar dtús agus lean sé ar aghaidh go Finisterre.*

2(a) Cén mhíorúilt a thug a comhartha aitheantaí don oilithreacht? (Alt 2)
(3 mharc) (3 mharc gan ionramháil)

“(De réir an tseanchais), fuarthas duine báite agus a chorp clúdaithe le sliogáin mhuiríní, agus tugadh ar ais ina bheatha é trí idirghuí Santiago (an naomh a dtugtar San Séamas air sa thír seo).”

2(b) Luaign dhá phíosa eolais a léiríonn gur áit naofa é Finisterre sa tréimhse réamhstairiúil. (Alt 2)
(4 mharc) (2 phíosa eolais gan ionramháil) (2 + 2)

- (i) “Dhéantai Dia na Gréine a adhradh ansin (agus an ghrian ag dul faoi san fharraige.)”
- (ii) “Deir lucht seandálaíochta go mbíodh Rí na Réaltaí á adhradh ag na Ceiltigh i dteampaill oscailte. (ar bharr na n-aillte san áit.”)

3(a) Conas a théann an choisíocht i bhfeidhm ar aigne an údair, dar leis? (Alt 3)
(3 mharc) (2 + 1)

- (i) “Scríobh an fealsamh Soren Kierkegaard nach raibh fadhb ar bith nach bhfíeadadh duine a réiteach agus é ag siúl. Tuigim féin firinne na tuairime sin.”
- (ii) “Oibríonn rithim na coisíochta mar chineál mantra ar m’intinn.”
- (iii) “Braithim suaimhneas ionam féin nach mbraitheamh am ar bith eile.”
- (iv) “Is as an suaimhneas aigne sin is minic a thagann réiteach faidhbe.”

- (i) *Aontaíonn an t-údar le tuairim Kierkegaard go mbíonn duine ábalta fadhb a oibriú amach agus é amuigh ag siúl.*
- (ii) *Is sórt mantra ar a aigne í an choisíocht.*
- (iii) *Mothaíonn an t-údar faoiseamh faoi leith agus é ag siúl.*
- (iv) *Tríd an bhfaoiseamh intinne a thagann leis an tsiúlóid, bionn an t-údar ábalta fadhb a oibriú amach.*

3(b) Cén t-ábhar machnaimh a fuair an t-údar ar an camino? (Dhá phointe) (Alt 3)
(4 mharc) (2 + 1 + 1)

- (i) “Chruthaigh mé spás dom féin nach raibh fáil isteach ag rudaí saolta ann”.
 - (ii) “Bhí caoi agam machnamh ar chíocras an duine chun airgid, rud nach gcuireann puinn, go minic, lena shástacht”.
 - (iii) “Fuair mé ábhar machnaimh mo dhóthain sna rudaí áille a bhí ar fáil go forleathan feadh an bhealaigh, rudaí a rinneadh, ní as an tsaint ach as grá Dé.”
-
- (i) *Bhí seans aige a aigne a dhíriú ar ábhair seachas ar nithe saolta.*
 - (ii) *Bhí deis aige smaoineamh ar dhúil an duine san airgead, rud nach ndéanann duine sona sásta go minic.*
 - (iii) *Fuair sé seans smaoineamh ar na nithe deasa a bhí le feiceáil go coitianta ar an turas, nithe a cuireadh ann as grá Dé agus nár bhain le saint.*

4(a) Cén fáth ar iompair an t-údar an mála droma ‘le foighne agus le buíochas’? (Alt 4)
(3 mharc) (2 + 1)

- (i) “Is minic a shamhlaigh mé an mála sin mar shiombail den ualach a leag mé ar dhaoine i rith na mblianta.”
 - (ii) “B’fhéidir gurbh é an gá a bhí agam le haithreachas a dhéanamh as sin a thug orm an mála droma a iompar le foighne agus le buíochas.”
-
- (i) *Ba chomhartha é an mála den tionchar/den smacht a bhí ag an údar ar dhaoine ar feadh tamaill fhada.*
 - (ii) *Cheap an t-údar gur cheart dó maithiúnas/pardún a lorg as an ualach a leag sé ar dhaoine.*

4(b) Luaigh dhá shampla den taobh mídheas den nádúr daonna a thug an t-údar faoi deara ar an camino. (Alt 4)
(4 mharc) (2 + 1 + 1)

- (i) “Is cuimhin liom an seisear Francach i mbrú in Larrasoana nár chaith focal sibhialta liom i rith bhéile an tráthnóna.”
 - (ii) “Agus tá cuimhne agam freisin ar an tábhairneoir in Fomista a raibh orm tabhairt amach dó as Spáinnis mar nach raibh sé sásta freastal orm.”
-
- (i) *Níor labhair na Francaigh sa bhrú in Larrasoana go béasach/go múinte leis.*
 - (ii) *Thug sé íde béal don tábhairneoir in Fomista mar dhiúltaigh sé freastal air.*

5(a) Luaigh ceangal amháin atá ag ceantar an camino le hÉirinn. (Alt 5)
(3 mharc) (3 mharc gan ionramháil)

- (i) “In Pamplona insíodh dom faoi Eoghan Ó Néill, de bhunadh Iarlaí Thír Eoghain, a chosain an chathair ar arm Napoléon in 1808.”
- (ii) “I gcathair Burgos tháinig mé ar an bpríosún inar coimeádadh Frank Ryan sa bhliain 1940 i ndiaidh dó troid sa Bhriogáid Idirnáisiúnta in aghaidh Franco.”

5(b) Cén tairbhe a bhain an t-údar as an camino? (Dhá phointe) (Alt 5)
(4 mharc) (2 + 1 + 1)

“Seachas an chloch meáchain a chaill mé de bharr na diansiúlóide, ba dheacair dom gan aird a thabhairt ar an lúcháir aigne a bhraith mé agus mé ag siúl agus is í atá fanta liom ó shin”.

- (i) *D'éirigh an t-údar níos tanaí – chaill sé cloch meáchain.*
- (ii) *Mhothaigh sé gliondar intinne agus é ag siúl.*
- (iii) *Maireann an gliondar intinne fós beo ann.*

Ag bun na bhfreagraí ar Léamhthuiscint 2A, seo mar a léirítear na marcanna:

E(35) =
Gge(0-3) =
C2A(35) =

An Ghaeilge sna freagraí

Déan breithiúnas ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí.

Gaeilge lochtach: bain 1-3 mharc

Mura mbronntar marc ar ionramháil sna freagraí, ná gearr aon phionós as Gaeilge lochtach.

B (35 mharc)

- (i) (a) An aird a tugadh ar bhás Ted Kennedy ar fud an domhain. = 3 marc
(b) An fáth atá luaite leis an gcáil fhorleathan a bhí tuillte ag Ted Kennedy.
(Dhá phointe) = 4 marc
- (ii) (a) An t-éacht atá luaite le Ted Kennedy mar pholaiteoir. = 3 marc
(b) **Dhá** phíosa eolais faoi eachtra Chappaquidick. = 4 marc
- (iii) (a) An chaoi ar shíl Ted Kennedy eachtra Chappaquidick a ghlanadh chuimhne na ndaoine. = 3 marc
(b) An toradh a bhí ar an gcabhair a thug Ted Kennedy don Morrison.
= 4 marc
- (iv) (a) An ceacht a d'fhoghlaim Ted Kennedy as iarrachtaí Carter síocháin a dhéanamh sa Mheán-Oirtheар. = 3 marc
(b) An fáth ar chomhairligh Ted Kennedy don Uachtaráن Clinton víosa a eisiúint do Gerry Adams. = 4 marc
- (v) (a) An ‘chomaoin mhilleannach’ a chuir Ted Kennedy ar Obama = 3 marc
(b) An t-idéal a luaigh Barack Obama le clann Kennedy = 4 marc.
3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 = **35 marc**

Léamhthuisint 2B

Sna freagraí a thugtar thíos, léiríonn an téacs sa chló rómhánach freagraí inghlactha a tógadh díreach ón sliocht ar an scrúdpháipéar gan an t-iarrthóir na focail a ionramháil ar bhealach pearsanta, agus léiríonn an téacs sa chló iodálach sampla den ionramháil a d'fhéadfáí a dhéanamh leis an marc ar an ionramháil a ghnóthú.

1(a) Cén aird a tugadh ar bhás Ted Kennedy ar fud an domhain? (Alt 1)
(3 marc) (3 mharc gan ionramháil)

- (i) “Scaipeadh an scéal láithreach ar fud an domhain”.
- (ii) “Bhí sé ar phríomhscéal na nuachta ag gach uile stáisiún teilifise agus raidió”.
- (iii) “Tháinig tonn tuile de theachtaireachtaí comhbhróin isteach chuig Ceann Comhairle rialtas Mheiriceá”. (ó thromlach na gceannairí stáit ar fud an domhain)

1(b) Cén fáth atá luaite leis an gcáil fhórléathan a bhí tuillte ag Ted Kennedy? (Dhá phointe) (Alt 1)
(4 marc) (2 + 2) (Gan ionramháil)

- (i) “Bhí aithne ar Ted Kennedy mar dheartháir le JFK” (a feallmharaíodh agus é ina uachtaráin ar na Stáit Aontaithe)
- (ii) “Bhí aithne air mar dheartháir le Robert” (a feallmharaíodh agus é ar thairseach na huachtaránachta)
- (iii) “Bhí clú agus cáil fhórléathan ar Ted Kennedy as a chuid oibre féin”.
- (iv) “Ba é an Seanadóir ba mhó é a d’fhág a lorg ar chóras dlí na Stát Aontaithe” (ó bunáiodh an stát Feidearálach sa bhliain 1788)

2 (a) Cén t-éacht atá luaite le Ted Kennedy mar pholaiteoir? (Alt 2)
(3 marc) (2 + 1) (Gan ionramháil)

“Ón mbliain sin amach (1962), toghadh Ted seacht n-uaire i ndiaidh a chéile mar sheanadóir ina stát dúchais, Massachusetts (éacht nach ndearna aon pholaiteoir roimhe).”

Roghnaíodh Ted Kennedy seacht n-uaire i ndiaidh a chéile mar sheanadóir ina cheantar dúchais, Massachusetts (agus ba é an chéad pholaiteoir é a rinne an gaisce sin).

2 (b) Tabhair dhá phíosa eolais faoi eachtra Chappaquidick. (Alt 2)
(4 marc) (2 + 2 gan ionramháil)

- “Sa bhliain 1969 tharla eachtra a d’fhág smál ar shaol polaitiúil Ted Kennedy de bharr a iompair siúd ag an am”.(2 phíosa eolais san abairt seo)
- “Bádh bean óg ,Mary Jo Kopechne, nuair a chuaigh carr Kennedy isteach in abhainn an Chappaquidick”.(2 phíosa eolais san abairt seo)

- “Tháinig seisean slán ach theith sé ón áit gan fios a chur ar na pólíní ná ar na seirbhísí tarrthála”.(2 phíosa eolais san abairt seo)
- “Ciontaíodh é as láthair timpiste a fhágáil agus ní bhfuarthas míniú sásúil riamh ar ar tharla”. (2 phíosa eolais san abairt seo)
- “Bhí tionchar fadtéarmach ag an eachtra sin ar shaol polaitiúil Kennedy”.
- “Bhí an eachtra ina bac air aon uair a rinne sé iarracht ina dhiaidh sin a bheith ina uachtaráin”.

3(a) Cén chaoi ar shíl Ted Kennedy eachtra Chappaquidick a ghlanadh de chuimhne na ndaoine ? (Alt 3)

(3 marc) (2 + 1)

“Shíl sé, is cosúil, dá n-éireodh leis dlíthe a achtú a chuirfeadh feabhas ar shaol a chomhshaoránach, go nglanfaí eachtra Chappaquidick de chuimhne na ndaoine”.

Dá mbeadh sé ábalta dlíthe a achtú chun saol na Meiriceánach a dhéanamh níos fearr, cheap sé go ndéanfadh pobal Mheiriceá dearmad ar thubaiste Chappaquidick.

3 (b) Cén toradh a bhí ar an gcabhair a thug Ted Kennedy don Seanadóir Morrison? (Alt 3)

(4 marc) (3 + 1)

“Ba é Kennedy, freisin, a thug an chabhair ba ghá don Seanadóir Morrison bille a achtú i 1992 a chuir túis le scéim víosaí d'inimircigh”

NÓ

“Ba dá thoradh sin a tugadh deis do na mílte Éireannach óg dul go Meiriceá agus obair a fháil ann go dleathach”.

De réir dlí nua i 1992, tosaíodh córas víosaí d'inimircigh NÓ dá bharr sin, bhí seans ag a lán Éireannach óg dul go Meiriceá agus poist a fháil ann go dleathach.

4(a) Cén ceacht a d'fhoghlaim Ted Kennedy as iarrachtaí Carter síocháin a dhéanamh sa Mheán-Oirthear? (Alt 4)

(3 marc) (2 + 1)

“D'fhoghlaim Kennedy gur den riachtanas é i gcainteanna síochána miondeacrachaí a ghlanadh as bealach na bpáirtithe ionas gur féidir leo thíos ar chroí na faidhbe eatarthu”.

D'fhoghlaim Kennedy go raibh sé tábhachtach i gcainteanna síochána na difríochtaí beaga a réiteach ar dtús agus ansin bheadh siad ábalta an mhórphadhb a phlé.

4(b) Cén fáth ar chomhairligh Ted Kennedy don Uachtarán Clinton víosa a eisiúint do Gerry Adams? (Alt 4)

(4 marc) (3 + 1)

“Mhínigh sé don uachtarán go gcaithfí déileáil le Sinn Féin mar pháirtí polaitíochta dá mba mhaith leo cur ina luí orthu éirí as an bhforéigean agus polaitíocht shiochánta a chleachtadh”.

Bheadh orthu plé le Sinn Féin mar ghrúpa polaitíochta dá dteastódh uathu impí orthu stop a chur leis na trioblóidí agus polaitíocht shiochánta a chur i réim.

5(a) Cén ‘chomaoin mhillteanach’ a chuir Ted Kennedy ar Obama? (Alt 5)

(3 marc) (2 + 1)

“Nuair a tháinig uair na cinniúna thacaigh Ted Kennedy le hObama agus ba leor é sin le comhghuaillithe láidre sa Pháirtí Daonlathach a tharraingt ar thaobh Obama in aghaidh mheaisín ollchumhachtach lucht Clinton. Ba é toradh na tacaíochta sin go bhfuair Obama an lámh in uachtar ar Hillary agus ina dhiaidh sin ar John McCain i dtoghchán na huachtaránachta”.

Thacaigh Ted Kennedy leis. De bharr thacaíocht Kennedy, thaobhaigh a lán daoine sa Pháirtí Daonlathach leis. Fuair sé an lámh in uachtar ar Hillary Clinton agus fuair sé an lámh in uachtar ar John McCain ina dhiaidh sin.

(Thacaigh Ted Kennedy le hObama + cáiliú amháin ar an tacaíocht)

5 (b) Cén t-idéal a luaigh Barack Obama le clann Kennedy? (Alt 5)

(4 marc) (4 marc gan ionramháil)

“Ghéill Ted riamh is choíche d’idéal na seirbhíse poiblí”. (“Ba chuid d’oidhreacht agus d’oiliúint chlann Kennedy uile an t-idéal sin”.)

Eolas(35) =

Gaeilge(0-3) =

C2B(35) =

Páipéar II (180 marc)

CEIST 1

- PRÓS -

40 marc

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó** **B** (Prós Roghnach).

A

- PRÓS AINMNITHE - (40 marc)

(a) Mar a léirítear meon Nóirín Ní Chathasaigh **agus** Pheadair Mhic Fhlannchadha

(Lá Buí Bealtaine)

Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

Dhá cheann de na gnéithe seo a leanas a phlé:

- (a) athrú ar iompar Eoin ó thús go deireadh;
- (b) tábhacht na curiarrachta;
- (c) greann sa scannán;
- (d) úsáid an cheoil.

(Clare sa Spéir)

Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

An Cearrbhach

Pearsa mhíthaitneamhach a n-éiríonn leis bá an léitheora a choinneáil trína chuid scéiméireachta in aghaidh an Bháis.

(An Cearrbhach Mac Cába)

Ionramháil ábhair = 22 marc

(b) Léiriú spéisiúil ar eachtraí Mhuiris agus Thomáis agus ar an gceacht a d'fhoghlaim siad astu.

(Fiche Blian ag Fás)

Ionramháil Ábhair = 13 marc

Nó

Dhá thréith a bhaineann le Muiris ann.

(Fiche Blian ag Fás)

Ionramháil Ábhair = 13 marc

Cumas Gaeilge – **(a)** agus **(b)** le chéile

= 5 marc

B - PRÓS ROGNACH - (40 marc)

Freagair **(a) agus (b)** anseo.

(a) An chaoi a léirítear meon na **beirte** príomhphearsan. **(Dráma)**

Teideal an dráma agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

Dhá cheann de na gnéithe seo a leanas:

- (a) an suíomh is fearr leat ann agus an chaoi a gcuirtear le chéile é;
- (b) an radharc is fearr leat agus an modh a léirítear é;
- (c) an phearsa is fearr leat agus an chaoi a gcuirtear i láthair é/i;
- (d) cé chomh sásúil is atá críoch an scannáin.

Teideal an scannáin agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

Plé ar **dhá** ghné de scéal béaloidis a thaitin leat. **(Scéil béaloidis)**

Teideal an scéil. Ionramháil Ábhair = 22 marc

(b) Plé ar an bhforbairt ar an bpríomhthéama. **(Dírbheatheaisnéis)**

Teideal agus údar na dírbheatheaisnéise. Ionramháil Ábhair = 13 marc

Nó

Plé ar **dhá** thréith de chuid an údair. **(Dírbheatheaisnéis)**

Teideal agus údar na dírbheatheaisnéise. Ionramháil Ábhair = 13 marc

Cumas Gaeilge - **(a)** agus **(b)** le chéile = 5 marc

C. 1 (A) nó (B) = 40 marc (22 + 13 + 5)

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 22 (Ábhar) **agus** as 13 (Ábhar) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.

Ceist 2**- PRÓSTÉACS BREISE -****40 marc**

[(a)(i) **nó** (a)(ii) **nó** (b)(i) **nó** (b)(ii) le déanamh as A **nó** B **nó** C **nó** D]

$$\begin{array}{ll}
 \left\{ \begin{array}{l} \text{Ionramháil Ábhair} \\ \text{Cumas Gaeilge} \end{array} \right. & = 35 \text{ marc} \} \\
 & = 5 \text{ marc} \} \\
 \hline
 \hline
 \text{C.2: } 35 + 5: & = 40 \text{ marc} \\
 \hline
 \hline
 \end{array}$$

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 35 (Ábhar) agus an marc as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

CEIST 3**- FILÍOCHT -****70 marc**

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) **nó** **B** (Filíocht Roghnach) **agus** freagair **C** (Dánta Dualgais Breise).

A**- FILÍOCHTAINMNITHE - (35 marc)**

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

- (a) (i) Pléisiúr agus aiféala fite fuaite i gcuimhne an fhile.
(Jack) = 11 marc
- (ii) Plé ar **dhá** cheann díobh seo: suíomh; atmaisféar; íomhánna; friotal.
(Jack) = 6 marc

Nó

- (i) Mar a chuireann na híomhánna leis an gcdarsnacht.
(Nil aon Ni) = 11 marc
- (ii) Plé ar **dhá** cheann de : dathanna; logainmneacha; uaim; atmaisféar.
(Nil aon Ni) = 6 marc
- (b) (i) Plé ar chodarsnacht idir **dhá** ghné de shaol an fhile.
(Faoiseamh a Gheobhadsa) = 13 marc

Nó

- (ii) Trácht ar an úsáid a bhaintear as **dhá** cheann díobh seo:
 friotal; atmaisféar; íomhánna; mothúcháin
(Faoiseamh a Gheobhadsa) = 13 marc

Freagair (a) **agus** (b) anseo.

- (a) (i) Plé ar éifeacht na húsáide a bhaintear as **dhá** cheann díobh seo:
Íomhánna; mothúcháin; friotal; forbairt an téama.
(Dán **nua-aimseartha le bean.**) = 11 marc
(Teideal an dáin agus ainm an fhile).
- (ii) An mothúchán is mó ionat féin agus an fáth
(Dán **nua-aimseartha le bean.**) = 6 marc

Nó

- (i) An **dá** theicníocht is éifeachtaí chun príomhthéama an dáin a fhorbairt.
(Dán **nua-aimseartha le fear**) = 11 marc
(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)
- (ii) Plé ar an gcaoi a ndeachaigh an dáin i bhfeidhm ort féin.
(Dán **nua-aimseartha le fear**) = 6 marc
- (b) (i) Plé ar an bpriomhthéama agus mar a léirítéar é.
(Dán **Nua-aimseartha le bean** nár roghnaíodh thuas): = 13 marc
(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

Nó

- (ii) Plé ar **dhá** cheann díobh seo:
cúlra an dáin; dearcadh an fhile mar a léirítéar sa dáin é; an mheadaracht; an friotal.
(Dán **Nua-aimseartha le fear** nár roghnaíodh thuas) = 13 marc
(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

**Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear
marcanna mura luaitear iad.**

C (35 marc)

Freagair **(a) nó (b)** anseo

(a) Úirchill a' Chreagáin

(i) “Cás an fhile agus cás na tíre is suntasaí sa dán.” = 18 marc

(ii) Mínigh na línte. = 4 marc

(iii) Nóta ar mheadaracht an dáin, léirithe le do rogha véarsa. = 8 marc

(b) An Chéad Dráma

(i) Dán fáthchiallach é ach cás an fhile chun tosaigh ann. = 18 marc

(ii) Mínigh na línte = 4 marc

(iii) Nóta ar an úsáid a bhaintear as **dhá** cheann díobh seo:
uaim agus comhuaim; comhardadh; an rithim; an friotal. = 8 marc

Cumas Gaeilge (**A** nó **B** agus **C le chéile**) = 10 marc

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 17 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) **agus** as 30 (Ábhar) **agus** as 10 (Gaeilge) a thaispeáint sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Ceist 4	- STAIR -	30 marc
----------------	------------------	----------------

Dhá **cheann le déanamh as (a), (b), (c), (d), (e), (f).**

13 + 12 (Eolas) móide 5 marc ar an gCumas Gaeilge (sa dá cheann **le chéile**)
= 30 marc.

I gcás (a) agus (b) tá cuntas le scríobh ar **dhá** cheann; pointí gearra eolais atá á lorg.
I gcás (c), (d), (e), (f), áit a bhfuil gné **amháin** le plé, lorgaítear pointí eolais níos faide.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronnatar as 25 (Eolas) agus an marc a bhronnatar as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

CLUASTUISCINT (100 marc)

{	(i)	Tuiscint	=	90 marc	}
{	(ii)	Cumas Gaeilge	=	10 marc	}
{	(iii)	Iomlán	=	100 marc	}

Cuid A: 30 marc (Eolas)

Fógra 1:	$2 \text{ marc} \times 5$	=	10 marc
Fógra 2:	$2 \text{ marc} \times 5$	=	10 marc
Fógra 3:	$2 \text{ marc} \times 5$	=	10 marc
	$10 + 10 + 10$	=	<u>30 marc</u>

Cuid B: 40 marc (Eolas)

Comhrá 1:	$2 \text{ marc} \times 6$	=	12 mharc
Comhrá 2:	$2 \text{ marc} \times 8$	=	16 mharc
Comhrá 3:	$2 \text{ marc} \times 6$	=	12 mharc
	$12 + 16 + 12$	=	<u>40 marc</u>

Cuid C: 20 marc (Eolas)

Píosa 1:	$2 \text{ marc} \times 3$	=	6 mharc
Píosa 2:	$2 \text{ marc} \times 4$	=	8 marc
Píosa 3:	$2 \text{ marc} \times 3$	=	6 mharc
	$6 + 8 + 6$	=	<u>20 marc</u>

CUID A

Fógra a hAon

- 1 (a) Cén cumann atá ag eagrú na siúlóide seo?
 - Cumann Ailse na hÉireann = 2m
 - Ailse na hÉireann = 2m
 - Ailse = 1m.
(b) Tabhair píosa amháin eolais a luaitear faoi Mhicheál Ó Muircheartaigh.
 - Tráchtair spóirt/Gaeilgeoir/Ciarraíoch/cuirfidh sé túis leis an oíche eolais = 2m
 - Tráchtair = 1m.
- 2 Cá háit go díreach a mbeidh an tsiúlóid ar siúl?
 - Ar chnoc Bhréanainn = 2m
 - Co. Chiarraí = 1m
- 3 (a) Cén rud nach móir do dhuine a dhéanamh roimh ré le bheith páirteach sa tsiúlóid?
 - €50 a bhailiú = 2m
 - €50 d'urraíocht a bhailiú = 2m
 - Urraíocht a fháil = 1m (**ná glac le orr/oír.**)
 - Tá gá le € a bheith ann, gan é = 0m
 - €50 = 1m
(b) Cad a dhéanfar anocht?
 - Scaipfear (nó briathar leis an mbrí chéanna) cártaí urraíochta = 2m
 - Scaipfear na cártaí anocht (orthu) = 1m
 - Cártaí leis féin = 0m

Fógra A Dó

- 1 Cad a bheidh ar siúl i dTígh Clarke ar an 6ú Lúnasa?
 - Searmanas = 2m cuimhneacháin = 2m (in ómóis do C. Maude)
 - Teacht le chéile = 2m
 - Oíche chuimhneacháin = 2m
- 2 (a) Céard a bheidh ar siúl ag Micheál Ó Cuaig ar an ócáid?
 - Fear an tí = 2m
 - Amhránaí sean-nóis = 0m.
(b) Cén aithne a cuireadh ar Chaitlín Maude i dtosach?
 - Amhránaí = 2m
- 3 (a) Cé a eiseoidh an dlúthdiosca de chuid amhrán Chaitlín Maude ar an ócáid?
 - Gael-Linn = 2m
 - Gaol-Linn = 0m
 - Gaolainn = 0m
 - Gaelainn = 0m

- (b)** Luaigní rud amháin eile a bheidh ann mar chuid den ócaid chuimhneacháin.
- Ceol = 2m
 - Amhráin = 2m
 - Amhrán = 1m

Fógra A Trí

- 1 Cad atá ag bagairt ar an Aetóip arís?
 - Gorta = 2m
- 2 **(a)** Cad a tharla le trí bliana anuas i ndeisceart na tíre?
 - Theip ar an bhfómhar = 2m (**ná glac le fóir / bhóir**)
 - Theip ar na barra = 2m.**(b)** Céard a mheastar is cúis leis an tubaiste seo san Aetóip?
 - Athrú aeráide = 2m
 - Aeráid = 1m
 - Aimsir = 1m
- 3 **(a)** Luaigní dhá rud is gá a chur ar fáil láithreach, dar le Goal.
 - Uisce glan = 1m (**ní leor uisce leis féin**)
 - Bia = 1m.
 - (Soláthairtí) leighis = 1m
 - Cabhair airgid = 1m
 - Cabhair = 0m.**(b)** Luaigní slí amháin le hairgead a thabhairt.
 - Glaogaí ar 01-280 9779 = 2m (**cruinneas riachtanach**)
 - Scríobh/déan teagmháil le Goal, Bosca OP 19, Dún Laoghaire, Co. B.A.C = 2m.
 - Ag www.goal.ie = 2m (**seoladh ceart riachtanach**)
 - Glaogaí ar Goal/ Scríobh chuig Goal/déan teagmháil le Goal = 1m
 - Seol ríomhphost/r-phost/e-phost chuig Goal = 1m.

Cuid B

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- 1 Cá raibh Síle ag an deireadh seachtaine?
 - Ceolchoirm Oxegen = 2m.
 - Ag Oxegen = 2m (**ná glac le O2 – áit atá ann**)
 - Ocsaigin = 2m (**mar iarracht ar leagan Gaeilge**)
 - Ag ceolchoirm = 1m.
 - I mBaile Phoinse = 1m.

2 Cén fáth nach bhfuair Seán ticéad, dar le Síle?

- D'fhág sé ródhéanach é = 2m.

3 Cé mhéad a d'íoc Síle as an ticéad?

- Dada = 2m

An Dara Mír

1. Cá bhfuair deartháir Shíle an ticéad?

- Bhuaigh sé an ticéad i gcrannchur = 2m
- Bhuaigh sé é = 2m
- I gcrannchur = 2m
- San oifig = 0m

2 (a) Cén inní a bhí ar Shíle faoin bpuball?

- Go mbeidís rófhuar = 2m
- Go mbeidís fuar = 2m
- Fuar = 1m

(b) Luaigh áis amháin a bhí ar fáil i mBaile Phoinse.

- Leithris ghlana = 2m
- Leithreas glan = 2m
- Leithris = 1m
- Leithreas = 1m
- Folcadh te = 2m
- Folcadh = 1m
- Siopaí = 1m + cáiliú = 1m (**de gach saghas**)
- Siopa de gach saghas = 2m.

Comhrá A Dó

An Chéad Mhír

1 Cad a bheidh ag tosú sa scoil an bhliain seo chugainn?

- Idirbhliain = 2m / Eatramhach = 2m

2. Cá fhad a mbeidh Sinéad sa Fhrainc?

- Bliaín = 2m

3. (a) Luaigh rud amháin faoi na hábhair sa choláiste in Nice.

- Déantar gach ábhar tríd an bhFraincis = 2m
- Rogha iontach ábhar = 2m
- Níos mó ná 20 ábhar ar fáil = 2m
- 20 ábhar ar fáil = 1m
- A lán ábhair ar fáil = 1m.

(b) Cén duine gaolmhar le Sinéad a chuaigh chuig an gcoláiste sin cheana?

- A deartháir = 2m

An Dara Mír

- 1 Cén fáth a ndéanfadh bliain sa Fhrainc maitheas do Phól?
 - Tá a chuid Fraincise lofa = 2m
 - Chun feabhas a chur ar a chuid Fraincise = 2m
- 2 (a) Cad a cheapann tuismitheoirí Shinéad faoin Idirbhliain?
 - Nach fiú mórán é = 2m
(b) Cén rud speisialta a dhéanfaidh Pól le linn na hIdirbhliana?
 - Cúrsa ealaíne = 2m
 - Ealaín = 1m
- 3 Cén chéim a dhéanfaidh Sinéad in ollscoil Luimnigh?
 - Fraincis agus Dlí = 2m
 - Fraincis = 1m
 - Dlí = 1m

Comhrá a Trí

An Chéad Mhír

- 1 (a) Cé mhéad iris Ghaeilge atá ann do dhéagoirí, dar le Máire?
 - Níl aon cheann ann = 2m
 - 0 = 2m
(b) Cén saghas irise a mholann Máire?
 - Iris a mbeadh leath di i mBéarla agus leath di i nGaeilge = 2m
 - Iris Bhéarla - Ghaeilge = 2m.
 - Iris a spreagfadhl déagóirí le Gaeilge a fhoghlaím = 2m
 - Iris a bheadh in úsáid sna ranganna Gaeilge = 2m
 - Iris Bhéarla = 0m
 - Iris Ghaeilge = 0m
2. Cén fáth nach mbeadh suim ag foilsitheoir in iris Ghaeilge-Bhéarla a chur i gcló?
 - Na costais rómhór = 2m
 - Costais = 1m

An Dara Mír

- 1 Cad a deir Máire faoin ábhar atá i gcuid de na téacleabhair Ghaeilge faoi láthair?
 - Ábhar leamh seanchaite = 2m
 - Ábhar leamh = 2m
 - Ábhar seanchaite = 2m
- 2 Luaigh fadhb amháin a fheiceann Eoin le hiris Ghaeilge –Bhéarla?
 - Níl mórán iriseoirí ann a bhfuil ardchumas Gaeilge acu = 2m
 - Ní mórán iriseoirí ann a bhfuil Gaeilge acu = 1m
 - Ní dhíolfaí go leor cóipeanna = 2m
 - Ní dhéanfadhl sé go leor airgid le tuarastal a íoc = 2m

- 3** Cén fhadhba bhain le foilsíú Foinse dar le hEoin?
- Níorbh fhéidir le Foinse íoc as féin = 2m
 - Fadhbanna airgid = 2m

Cuid C

Píosa a hAon

- 1** Cén saghas comórtais a bhuaigh Crib na nÓg ar Raidió na Gaeltachta?
- Comórtas ealaíne = 2m
 - Comórtas a bhí ar siúl ar *Súil Aniar* = 1m
- 2** (a) Céard é Crib na nÓg?
- Ionad eolais do dhaoine óga = 2m
 - Ionad eolais = 1m
 - Ionad do dhaoine óga = 1m
 - Club do dhaoine óga = 1m
- (b) Cén aidhm a bhí leis an gcomórtas ar ghlac Crib na nÓg páirt ann?
- Aird daoine óga a dhíriú ar mhí-úsáid drugaí agus alcóil = 2m
 - Aird daoine óga a dhíriú ar dhrugaí = 2m
 - Eolas ar dhrugaí nó eolas ar alcól = 2m
 - Eolas do dhaoine óga ar dhrugaí = 2m

Píosa a Dó

- 1** Cá ndéantar na hearraí atá ar díol i siopa Pagan?
- I gConamara = 2m (**Tá gá le “a” sa lár sa litriú**)
- 2** Cén rud a raibh tóir ar leith ag daoine óga air?
- T-léinte a bhfuil manaí Gaeilge orthu = 2m
 - T-léinte Gaeilge = 2m
 - T-léinte = 1m
- 3** (a) Luaigh earra amháin a raibh an-éileamh ag na mná air.
- Earraí cniotálte = 2m
 - Seodra = 2m
- (b) Cén rud atá beartaithe a chur ar bun go luath?
- Suíomh gréasáin = 2m
 - Suíomh idirlín = 2m
 - Suíomh = 0m

Píosa a Trí

- 1 Cé dóibh na scoláireachtaí cónaithe seo?
 - Do mhic léinn Ghaeilge = 2m
 - Do mhic léinn i gColáiste na hOllscoile = 1m (**Ná glac le UCD mar cháiliú (Béarla)**)
- 2 Luaigh rud amháin a bhí ar fáil faoin scéim.
 - Lóistín saor in aisce ar an gcampas = 2m.
 - Lóistín saor in aisce = 2m
 - Lóistín saor = 1m
 - Lóistín (sa choláiste) = 1m
 - Lacáiste ar bhia sa bhialann = 2m
 - Lacáiste ar bhia = 2m
 - Bia saor = 2m
 - Bia sa bhialann = 1m
- 3 Cé mhéad scoláireacht a bronnadh faoin scéim sa bhliain 2010?
 - 24 = 2m

Triail Chluastuisceana: Téipscript 2010

Fógra a hAon

Seo fógra ó Chumann Ailse na hÉireann. Beidh siúlóid urraithe á reáchtáil ag Cumann Ailse na hÉireann i lár na míosa seo, ar an séú lá déag de Mheitheamh 2010. Beidh oíche eolais faoin tsiúlóid ann anocht i bPáirc de Baróid, Lios Póil, ag tosú ar a sé a chlog. Is é Micheál Ó Muircheartaigh, an tráchtair spóirt, an Gaeilgeoir agus an Ciarraíoch cáiliúil, a chuirfidh túis leis an oíche eolais. Ar Chnoc Bhréanainn i gContae Chiarraí a bheidh an tsiúlóid féin agus is é Jeaicí Ó Muircheartaigh a bheidh ina threoráí. Le bheith páirteach sa tsiúlóid ní mór do dhuine €50 d'urraíocht a bhailiú roimh ré. Scaipfear na cártaí urraíochta anocht.

Fógra a Dó

Nuacht an Iarthair ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Seo fógra a bhaineann le ceantar Ros Muc i gConamara. Beidh searmanas cuimhneacháin in ómós don fhile Caitlín Maude ar siúl i dtígh Clarke i Ros Muc go luath. Beidh an teacht le chéile seo ar siúl Dé Domhnaigh, an séú lá de Lúnasa, ag tosú ar a dó a chlog. Beidh an t-amhránaí sean-nós Mícheál Ó Cuaig ina fhear an tí. Cuireadh aithne i dtosach ar Chaitlín mar amhránaí ar an sean-nós ach bhain sí cáil amach ina dhiaidh sin mar aisteoir agus mar fhile. Eiseoidh Gael Linn dlúthdhiosca dá cuid amhrán ar an lá, amhráin nach raibh fáil orthu le tamall. Beidh ceol agus amhráin ann an tráthnóna sin mar chuid den ócайд chuimhneacháin. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.damhsoir.ie nó ó Eibhlín ag 087-27292989.

Fógra a Trí

Seo fógra ón eagraíocht charthanach Goal. Tá an gorta ag bagairt ar an Aetóip arís. Seo an tríú bliain i ndiaidh a chéile ar theip ar an bhfómhar i ndeisceart na tíre. Meastar gurb é an t-athrú aeráide is cúis leis an tubaiste sa tír. Tá obair fóirithinte tosaithe ag Goal cheana féin ach tá cabhair airgid ag teastáil go géar. Tá gá le huisce glan, bia agus soláthairtí leighis a chur ar fáil láithreach le beatha leanaí óga a shábháil. Chun airgead a thabhairt, déan teagmháil le Goal ag Bosca OP 19, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath **nó** ar an teileafón ag 01-2809779 **nó** ag www.goal.ie.

Cuid B

Comhrá a hAon

- Seán: Cá raibh tú ag an deireadh seachtaine, a Shíle? Ghlaough mé ort cúpla uair ach ní bhfuair mé freagra ar bith
- Síle: Ní haon ionadh é sin, a Sheáin. Bhí mé ag ceolchoirm Oxygen i mBaile Phoinse. Bhí sí ar siúl ón Aoine go dtí tráthnóna Dé Domhnaigh.
- Seán: Táim go mór in éad leat faoi sin, a Shíle. Rinne mé fén iarracht ar thicéad a fháil ach ní raibh fáil ar cheann ar ór ná ar airgead.
- Síle: D'fhág tú ródhéanach é, a bhuaachaill. Díoladh na ticéid ar fad taobh istigh de leathuair an chloig.
- Seán: Bhí tusa luath ar do chois mar sin, a Shíle! Cé mhéad a d'íoc tú as?
- Síle: Tada! B'shin an rud ab fhearr faoin scéal! Níor íoc mé aon rud.
-
- Seán: Bhí an t-ádh leat, a chailín! Cén chaoi ar tharla sé sin?
- Síle: Bhuaigh mo dheardáir an ticéad i gcrannchur san oifig agus thug sé domsa é mar níor theastaigh uaidh féin dul ann.
- Seán: A dhia! Ach inis é seo dom, a Shíle. Cé a chuaigh leat?
- Síle? Mo chol cheathrar, Sinéad. Smaoinigh sise ar phuball a bhreith linn. Bhí imní orm féin ar eagla go mbeimis fuar sa phuball. Ach ní raibh. Bhíomar breá compordach.
- Seán: Céard faoi na háiseanna, a Shíle?
Bhí siad uafásach anuraidh i mBaile Shláine, más cuimhin leat.
- Síle: Bhí na háiseanna go hiontach, a Sheáin – leithris ghlana, folcadh te agus siopaí de gach saghas ar fáil.
- Seán: Bhuel, a Shíle, chuaigh ócáid iontach amú orm mar go raibh mé mall, spadánta!
- Síle: Fág fúmsa é an chéad uair eile, a Sheáin, agus ní bheidh aon díomá ort, mise á rá leat!

Comhrá a Dó

- Pól: Nach iontach an rud é go mbeidh an idirbhliain ag tosú sa scoil s'againne an bhliain seo chugainn, a Shinéad?
- Sin: Sea, cinnte, a Phóil ach ní bheidh mise sa scoil.
Beidh mé ag dul go dtí an Fhrainc ar feadh bliana.
- P: A thiarcais! Cad is cúis leis sin, a Shinéad?
- Sin: Bhuel, a Phóil, mo thuismitheoirí a smaoinigh air mar phlean. Táim ró-óg le tabhairt faoin Ardteistiméireacht, dar leo. Chomh maith leis sin, caithfidh mé feabhas a chur ar mo chuid Fraincise.
- P: Cén áit sa Fhrainc a mbeidh tú ag dul ?
- Sin: Go coláiste i gcathair Nice, a Phóil. Déantar gach ábhar ann trí an bhFraincis agus bíonn rogha iontach ag na daltaí. Níos mó ná fiche ábhar.
- P: Más buan mo chuimhne, a Shinéad, nach ndeachaigh do dheardháir go dtí an coláiste sin cúpla bliain ó shin?
- Sin: Tá an ceart ar fad agat, a Phóil!
- P: Bheul, is méanar duit, a Shinéad! Dhéanfadh bliain mar sin an-mhaitheas domsa mar tá mo chuid Fraincise lofa!
- Sin: Tá rud eile i gceist freisin, a Phóil. Ceapann mo thuismitheoirí nach fiú mórán an idirbhliain.
- P: Ní chuireann sé sin aon iontas orm. Creideann cuid de na múinteoirí an rud céanna. Ach tá mise ag tnúth leis.
- Sin: An ndéanfaidh tú aon rud speisialta lena linn, a Phóil?
- P: Cúrsa ealaíne ab fhearr liom, a Shinéad, mar ba mhaith liom leanúint leis an ealaín san Ollscoil.
- Sin: Maith thú, a Phóil! Tá fúmsa céim sa Fhraincis agus sa Dlí a dhéanamh in Ollscoil Luimnígh agus cabhróidh an bhliain sa Fhrainc liom an cúrsa sin a fháil.
- P: Bhuel, más mar sin é, go n-éirí leat, a Shinéad. Bain sult as!

Comhrá a Trí

- Eoin: Cuireann sé iontas orm, a Mháire, an méid irisí atá ar fáil do dhéagóirí.
- Máire: Sea, a Eoin, tá a lán díobh ann do dhaoine óga ceart go leor, ach is trua nach bhfuil ceann amháin, fiú, i nGaeilge.
- E: Fiú dá mbeadh, a Mháire, ní cheannófaí í mar ní fhéadfadh na déagóirí í a léamh!
- M: Céard faoi iris a mbeadh Béarla agus Gaeilge inti, leath ar leath, a Eoin? Nach spreagfadhliris mar sin na déagóirí le Gaeilge a fhoghlaim?
- E: B'fhéidir é, a Mháire. Ach ní bheadh aon suim ag foilsitheoir a leithéid sin d'iris a chur i gcló mar bheadh na costais rómhór.
- M: Anois, ní aontaím leat faoi sin, a Eoin! Dhíolfaí na mílte cóipeanna di dá mbeadh sí in úsáid sna ranganna Gaeilge ar fud na tíre.
-
- E; Ach ní bheadh an t-ábhar in iris mar sin oiriúnach do rang Gaeilge, a Mháire.
- M: Amaidí, a Eoin, bheadh an-suim go deo ag daltaí in altanna ar chúrsaí faisín, ar an gceol, ar na scannáin agus ar leabhair. Féach an t-ábhar leamh seanchaite atá i gcuid de na téacsleabhair faoi láthair.
- E: Bheul, feicim dhá fhadhb leis sin, a Mháire: ar an gcéad dul síos níl mórán iriseoirí ann a bhfuil ardchumas Gaeilge acu agus ar an dara dul síos, ní dóigh liom go ndíolfaí go leor cóipeanna lena dtuarastal a íoc.
- M: Feiceann tú fadhbanna chuile áit a Eoin! Nach mbeadh airgead ón rialtas ar fail don iris seo mar a bhí ar fáil don nuachtán Gaeilge *Foinse*?
- E: Nach é sin díreach an fhadhb! Níorbh fhéidir le *Foinse* íoc as féin. D'éirigh an comhlacht i gConamara as é a fhoilsiú agus tá an cúram tógha ag an *Independent* air féin anois. Ach cá fhad a leanfaidh an socrú sin?
- M: Sea, ach fan nóiméad le do thoil! Nach bhfuil *Gaelscéal* ar an margadh anois ó dheireadh mhí an Mhárta? Níl gach duine chomh héadóchasach leatsa faoi fhoilsitheoireacht na Gaeilge.

Cuid C

Píosa a hAon

Bhuaigh Crib na nÓg, an Cheathrú Rua, duais €5,000 i gcomórtas ealaíne a bhí ar siúl ar an gclár *Súil Aniar* ar Raidió na Gaeltachta. Is ionad eolais do dhaoine óga é Crib na nÓg. Ba é Meitheal Drugáí an Iarthair a rinne urraíocht ar an gcomórtas. Ba é aidhm an chomórtais aird daoine óga a dhíriú ar mhí-úsáid drugaí agus alcóil. Bhronn an tAire Stáit i Roinn an Taoisigh an duais ar Crib na nÓg in Óstán Clayton i nGaillimh an mhí seo caite. Tá sé ar intinn ag an gclár *Súil Aniar* comórtais ealaíne eile a chur ar siúl amach anseo a bheidh bunaithe ar ghnéithe eile de shaol daoine óga.

Píosa a Dó

Osclaíodh siopa nua d'earraí de dhéantús Ghaeltacht Chonamara i gcathair na Gaillimhe le déanaí. Is é Pagan ainm an tsiopa atá suite i Sráid an Chonairigh i gceartlár na cathrach. Bhí tóir ar leith ag daoine óga ar na t-léinte a bhfuil manaí Gaeilge orthu a bhí ar diol sa siopa. Cuireadh an-suim sa raon leathan stíleanna agus dathanna atá ar na t-léinte. Bhí an-éileamh ag na mná ar na hearraí cniotálte agus ar na seodra a dhéantar i nGaeltacht Chonamara. Tá ceathrar ag obair sa siopa faoi láthair agus tá sé beartaithe suíomh gréasáin a chur ar bun go luath le hearraí a dhíol.

Píosa a Trí

Sa bhliain 2000 cuireadh scéim scoláireachtaí cónaithe ar bun do mhic léinn Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Roghnaíodh na mic léinn don scéim sin as a gcuid scileanna cumarsáide agus cinnireachta. Faoin scéim bhí lóistín saor in aisce ar fáil ag na mic léinn ar an gcampas chomh maith le lacáiste ar bhia sa bhialann. Bhí sé mar dhualgas ar na mic léinn a roghnaíodh imeachtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge a chur ar siúl sa choláiste chomh maith le seachtain na Gaeilge a eagrú. Léiríonn píosa eolais amháin a foilsíodh le déanaí an fás atá faoin scéim. Bronnadh 4 scoláireacht ar mhic léinn sa bhliain 2000 ach bronnnfar 24 i mbliana!

